Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Aibreán 2018
(OR. en)

8141/18
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0101 (COD)**

COMER 36
WTO 94
CODEC 583

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 206 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe áirithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad

COM(2018) 206 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2018) 206 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.4.2018
COM(2018) 206 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe áirithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe**

# IARSCRÍBHINN

## Comhaontuithe arna gcur chun feidhme leis an Rialachán agus forálacha atá sonrach don chomhaontú

**Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór**

| | |
|---|---|
| Dáta cur i bhfeidhm | xx/xx/xxxx |
| Clásal coimirce déthaobhach | Airteagal 3.10 (Clásal coimirce déthaobhach) |
| Foráil shonrach nó forálacha sonracha a leagtar síos sa Chomhaontú: | Airteagal 3.9 "idirthréimhse":<br><br>"ciallaíonn 'idirthréimhse' tréimhse 10 mbliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo."<br><br>Airteagal 3.11(5)c:<br><br>"Ní féidir le ceachtar de na Páirtithe beart coimirce déthaobhach mar a leagtar amach sin i mír 1 d'Airteagal 3.10 a chur i bhfeidhm tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ach amháin le toiliú an Pháirtí eile". |

**Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam**

| | |
|---|---|
| Dáta cur i bhfeidhm | xx/xx/xxxx |
| Clásal coimirce déthaobhach | Airteagal 3.11 (Clásal coimirce déthaobhach) |
| Foráil shonrach nó forálacha sonracha a leagtar síos sa Chomhaontú: | Airteagal 3.9 "idirthréimhse":<br><br>"ciallaíonn 'idirthréimhse' tréimhse i gcás earra ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo."<br><br>Airteagal 3.11(6)c:<br><br>"Ní féidir le páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm tar éis dhul in éag na hidirthréimhse, ach amháin le toiliú an Pháirtí eile". |

**Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin**

| | |
|---|---|
| Dáta cur i bhfeidhm | xx/xx/xxxx |
| Clásal coimirce déthaobhach: | Airteagal 2.5 (Clásal coimirce talmhaíochta), 5.2 (Clásal coimirce déthaobhach) |
| Foráil shonrach nó forálacha sonracha a leagtar síos sa Chomhaontú: | Airteagal 5.1(d):<br><br>"ciallaíonn 'idirthréimhse', i ndáil le hearra tionscnaimh áirithe, an tréimhse dar tús dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar deireadh 10 mbliana tar éis dháta chríochnú an laghdaithe nó an díothaithe taraife ar an earra sin i gcomhréir le hIarscríbhinn 2-A."<br><br>Airteagal 18 den Iarscríbhinn maidir le mótarfheithiclí agus páirteanna: |

"I rith na 10 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, beidh sé de cheart ag gach ceann de na Páirtithe lamháltais choibhéiseacha nó oibleagáidí coibhéiseacha eile a chur ar fionraí sa chás:

(a) nach gcuirfidh an Páirtí eile i bhfeidhm Rialachán de chuid NA arna shonrú in Aguisín 2-C-1, nó ina scorfaidh sé de Rialachán den sórt sin a chur i bhfeidhm; nó

(b) go ndéanfaidh an Páirtí eile aon bheart rialála eile a thabhairt isteach nó a leasú lena neamhnítear nó lena lagaítear na tairbhí a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialacháin de chuid NA arna shonrú in Aguisín 2-C-1.

2. Leanfaidh fionraíochtaí de bhun mhír 1 de bheith i bhfeidhm go dtí an tráth sin, agus go dtí an tráth sin amháin, a ndéanfar cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta brostaithe um réiteach díospóide dá dtagraítear in Airteagal 19 den Iarscríbhinn seo nó a dtiocfar ar réiteach is inghlactha ag an dá thaobh, lena n-áirítear trí chomhairliúcháin faoi Airteagal 19(b) den Iarscríbhinn seo, cibé acu is túisce."